



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Teastas Sóisearach 2017

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Stair

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN TEASTAS SÓISEARACH 2017

SCÉIM MARCÁLA

STAIR

ARDLEIBHÉAL

SCRÚDITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

STAIR - ARDLEIBHÉAL

MODHANNA NA MARCÁLA

1. Is éard a bheidh i gceist i modh na marcála:

Na freagraí ar fad a léamh go cúramach agus anailís chúramach a dhéanamh orthu.

Marcanna a dháileadh ar na comhpháirteanna de réir na scéime comhaontaithe.

Na marcanna a chur leis agus aird á tabhairt ar:

- (i) an t-uasmhéid in aghaidh na roinne;
- (ii) an t-uasmhéid in aghaidh ceiste.

2. **Comhpháirteanna**

Fíricí

- (i) Sonraí a chuirtear i láthair i bhfoirm radharcach a aithint;
- (ii) Fíricí a lua.

Ráiteas Iomchuí (RI)

- (i) Fíric, gné nó céim thábhachtach a bhaineann leis an topaic;
- (ii) Míniú ar théarma nó ar choincheap a bhaineann leis an topaic;
- (iii) Léirmhíniú, tuairim, barúil, breithiúnas bailí a bhaineann leis an topaic;
- (iv) 2/3 de ráitis fíorais thrialacha, etc;
- (v) Cúis / éifeacht thábhachtach;
- (vi) Léarscáil / léaráid ábhartha a bhaineann le hábhar (d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ná RI amháin ag dul don léarscáil nó léiriú);
- (vii) Ábhar tosaigh bailí.

3. **Marcáil**

- (a) Bronntar na marcanna seo a leanas ar fhreagraí:

- (i) Marc carnach (MC);
- (ii) Marc san Iomlán (MI);

- (b) **An Marc Carnach (MC);**

Ag tosú ag tús an fhreagra, cuir tic soiléir (\surd) le gach fíric nó RI. Bronn an marc/marcanna atá comhaontaithe ar an scéim marcála as gach fíric nó RI.

- (c) **Marc san Iomlán (MI);**
Agus breithiúnas á dhéanamh ar an MI, ní mór don scrúdaitheoir cáilíocht na ceiste a chur san áireamh i bhfianaise na ceiste socraithe.
- Ní mór an t-iomlán a bhronnfar as MC agus MI a thaispeáint astu féin
e.g. $5+2 = <7$
- (d) Cuir iomlán na marcanna ar gach cuid den cheist ar imeall na lámhe deise: ní mór ceithre mharc a thaispeáint mar **<4**. Téigh ar aghaidh agus marcáil an chuid eile ansin. Cuir móriomlán na ceiste, mar shampla (30), ar imeall na lámhe clé in aice le huimhir na ceiste.
- (e) Léigh na ceisteanna ar fad, fiú ceisteanna breise, ceisteanna athdhéanta nó ceisteanna cealaithe. Glactar leis an bhfreagra a fhaigheann na marcanna is mó, laistigh de rúibricí an scrúdpháipéir.

N.B. Úsáidtear ‘Etc.’ sa Scéim Marcála chun a léiriú go bhféadfaí glacadh le freagraí eile; i ngach cás eile, ní fhéadfar marcanna a bhronnadh ach ar an bhfreagra a tugadh sa scéim nó ‘focail chun na críche sin’.

STAIR AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH
Scéim Marcála Ardleibhéil 2017

1. **PICTIÚIR** (15 mharc)
- (a) Pictiúr A: *Sí an Bhrú, Co. na Mí*
- (i) Éirí na gréine lár an gheimhridh a ligean isteach sa tuama 1M
- (ii) Snoiteáin Cheilteacha ar an gcloch iontrála/Ballaí tógtha go hard agus go cothrom/Ailíniú ceart an bhosca dín d'éirí na gréine, etc.
Píosa **AMHÁIN** ar bith d'fhianaise 2M
- (iii) Carn cúirte/ Ding (Gailearaí) tuama/(Tairseach) dolmain
DHÁ chineál tuama ar bith seachas tuama pasáiste 1 + 1 = 2M
- (b) Pictiúr B: *Caisleán Bhaile Átha Troim, Co. na Mí.*
- (i) Daingean 1M
- (ii) Ballaí peiriméadair arda/ Suíomhanna fairtheoirí/ móta/ iontráil theoranta ag an ngeata, etc.
DHÁ ghné chosanta ar bith seachas an daingean féin 1 + 1 = 2M
- (iii) Fleánna/ Siamsaíocht/ Cruinnithe/ Pósadh/ Cúirteanna etc.
Feidhm bhailí **AMHÁIN** ar bith de chuid an Halla Mhóir 2M
- (c) Pictiúr C: *Slógadh óige Naitsíoch*
- (i) Svaistice 1M
- (ii) Slua mór ag breathnú go sona agus go dea-mhúinte/ Tá maoirseacht á déanamh ag na póilíní nó ag saighdiúirí ar an imeacht, etc.
Píosa **AMHÁIN** ar bith d'fhianaise 2M
- (iii) Raidió/ Scannán/ Póstaeir/ Cláir Faisnéise/ Cluichí Oilimpeacha 1936 / Cultas ceannaireachta Hitler/ ministreacht bolscaireachta Goebbels/
Rialú oideachais/ Clubanna Óige Naitsíoch etc.
DHÁ chineál modha ar bith seachas na slogaí 1 + 1 = 2M

2. **DOICIMÉID** (15 mharc)

(a) ***Sir John Davies ar phlandáil Uladh***

- (i) Tá Ulaidh eagraithe níos fearr agus bunaithe níos fearr anois 1M
- (ii) Naimhde an Reifirméisin/ Caitlicigh 1M
- (iii) Ionas go bhforbróidís na Briotanaigh agus na hÉireannaigh le chéile mar náisiún amháin 1M
- (iv) Síocháin in Éirinn/ Dílseacht na hÉireann don Choróin / Ríocht atá sibhialta, saibhir, tréan agus rathúil.
DHÁ rud bhailí ar bith a bhfuil súil ag an údar go dtarlóidh siad in Éirinn 1 + 1 = 2M
- (v) Sea: D'fhéadfadh sé gur scríobh breathnóir a bhí ina fhinné é féin é.
Ní hea: D'fhéadfadh sé gur scríobh Sasanach a d'fhéadfadh bheith claonta mar gheall ar a dhílseacht don rí é.
Cúis bhailí **AMHÁIN** le haghaidh Sea nó Ní hea 2M

(b) ***Mary Hinchcliff maidir le Cúl Raithin le linn an Dara Cogadh Domhanda***

- (i) Toisc go raibh sé mór/ ba é an áit dheireanach ina dtagadh longa na Breataine isteach roimh dhul trasna an Atlantaigh/ An calafort ba iartharaigh sa Ríocht Aontaithe/ Bhí Loch Feabhail ina chuan sábháilte/ Ábalta bia úr a thabhairt ar bord.

Cúis bhailí **AMHÁIN** 1M
- (ii) Thugadh siad aire agus beatha dóibh/ d'ullmhaíodh siad leapacha campa/ agus béilí dóibh/ Thugadh siad cóiríocht dóibh i bhfoirgnimh scoile
Ceann **AMHÁIN** ar bith díobh sin thuas 1M
- (iii) Cóirigh leapacha/ Bain an chraiceann de na glasraí/ Níochán buidéal do pháistí
DHÁ ghné ar bith den mhéid thuas 1 + 1 = 2M
- (iv) Mar go bhfaca siad a fir féin ag imeacht chun seirbhís chogaidh a dhéanamh áit éigin eile/ Mar go raibh áthas orthu a bpáirt féin a imirt sa chomhar cogaidh ina gceantar féin 2M
- (v) An Blitz 2M
Blitzkrieg = OM

3. **CEISTEANNA LE FREAGRAÍ GAIRIDE** (20 marc)

Tabhairt marcanna don deich **bhfreagra** is fearr thíos. Is fiú 2 mharc ar a mhéad gach ceist.

- (i) Míniú: Fianaise ó dháta níos déanaí/ Faisnéis athlámhe
Sampla: Téacsleabhar staire/ Beathaisnéis / Leabhar staire, etc..
DHÁ ghné [Míniú agus Sampla] 1 + 1 = 2M
- (ii) Spád/ Lián/ Scuab/ Criathar/ Scuab fiacla, etc.
Ní ghlactar le “tochtóir meicniúil” ach amháin má bhíonn sé bainteach le baint na barrithreach.
DHÁ uirlis bhailí 1 + 1 = 2M
- (iii) Copar/ Stán/ Ór/ Airgead.
DHÁ mhíotal bhailí 1 + 1 = 2M
- (iv) Túr faire/ Cloigtheach/ Stóráil earraí luachmhara/ Gradam/ Ionad tearmainn.
DHÁ fheidhm bhailí 1 + 1 = 2M
- (v) Taca crochta/ Stua biorach/ Síleáil bhoghtach/ Taobh istigh geal agus fairsing/
Geargáilí, etc.
DHÁ ghné bhailí 1 + 1 = 2M
- (vi) Plá bhúbónach / Plá nó galair a mharaigh líonta móra daoine ar fud na hEorpa/
Galar a leathadh le dreancaidí ar dhromeanna luchóg dubh.
Plá/ Galar = 1M
Míniú **AMHÁIN** 2M
- (vii) Chun bia a chaomhnú/ Chun blas a chur ar bia/ Bhí siad an-luachmhar/ Chun críche leighis
Cúis **AMHÁIN** 2M
- (viii) Críoch nua-aimsithe a roinnt idir an Spáinn agus an Phortaingéil/ An Spáinn le talamh a fháil siar ón dohardhroim agus an Phortaingéil le talamh a fháil soir ón dohardhroim
(Má bhí “soir/siar” droim ar ais, bronn 1M)
Sainmhíniú **AMHÁIN** 2M
- (ix) Na hainmhithe den cháilíocht is fearr a roghnú lena bpóru le chéile 2M
- (x) Tithe anraith/ Oibreacha poiblí/ Iompórtáil ghráin bhuí ó na Stáit Aontaithe (ruibhchloch Peel) / *Temporary Relief Act*/ Athghairm ar Dhlíthe Arbhair/
Méadú ar acmhainn thithe na mbocht.
Bunú thithe na mbocht nó tithe na mbocht leo féin = 0M
Gníomh bailí **AMHÁIN** 2M

- (xi) Fuair thart ar mhilliún duine bás/ Eisimirce/ Aois phósta níos sine/ Dul i léig na Gaeilge/ Méideanna feirme níos mó/ Lean an daonra ag titim/ Deireadh leis an bhforoinnt (roinnt)/ Aistriú ó churaíocht go féarach/ Rinneadh féimheach de roinnt tiarnaí talún/ Searbhas i leith na mBriotanach, etc.
DHÁ iarmhairt bhailí 1 + 1 = 2M
- (xii) Sinn Féin 2M
- (xiii) Ó Cléireach/ Mac Piarais/ Ó Conghaile/ Ceannt/ Mac Donnchadha/ Mac Diarmada/ Plunkett
DHÁ shínitheoir ar bith 1 + 1 = 2M
- (xiv) An ceantar ó dheas ó líne ó Luimneach go Port Láirge áit a mbíodh na fórsaí ba láidre in éadan an Chonartha/ Daingean IRA nó Poblachta. 2M
- (xv) Cliseadh praghsanna comhroinnte (ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac) iarmhairtí astú féin, e.g. Meathlú, cliseadh gnólachtaí, dúnadh banc, dífhostaíocht ollmhór, etc. = 1M 2M
- (xvi) **Clásal Ciontachta Cogaidh:** Téarma an Chonartha a chuir ina luí ar an nGearmáin freagracht a ghlacadh as an gCéad Chogadh Domhanda. (*Airteagal 231 = 0M*)
- Cúiteamh:** Cúiteamh le híoc ag na cailiúnaithe (an Ghearmáin) leis na buaiteoirí (na Comhghuaillithe)
- Anschluss:** Bhí aontas ar bith amach anseo idir an Ghearmáin agus an Ostair (toirmisceithe le Conradh)
- Téarma **AMHÁIN** mínithe 2M
- (xvii) Aerfhórsa na Gearmáine 2M
Aerfhórsa = 1M
- (xviii) Líne chosanta na Fraince de thrinsí/tolláin/armlanna (feadh theorainn na Gearmáine) 2M
- (xix) Príosúnacht gan triail/ Príosúnacht ar amhras (sceimhlitheoireachta) (“Príosúnacht” = 0M)
Sainiú **AMHÁIN** 2M
- (xx) De Valera/ Lemass/ Lynch/ Haughey/ Reynolds/ Ahern/ Cowen/ Martin
DHÁ cheannaire ar bith 1 + 1 = 2M

4. DAOINE SA STAIR (40 marc)

Tabhair freagra ar cheist **AMHÁIN** ó A agus ar cheist **AMHÁIN** ó B.

Marcáil ar phrionsabal an RI (Ráiteas Iomchuí).

Gach RI = 2 Mharc. [Is féidir 1 Mharc a bhronnadh as RI neamhiomlán – ach **ag deireadh cuntais amháin.**]

Marcanna: MC Uasta = 16 [Treoir Ábhar: $2M \times 8 = 16$] **MI Uasta = 4**

Bain úsáid as an scála seo a leanas agus MI á bhronnadh:

AN-MHAITH = 4M; GO MAITH = 3M; MEASARTHA = 2M; GO LAG = 1M

Faigheann ceist an-mhaith 4 MI – ní chaithfidh sé a bheith ar feabhas.

Bronn 1 MI as an topaic a aithint mar is ceart.

Mura bhfuil an freagra ó dhearcadh an duine faoi leith, bronn 1 MI ar a mhéad.

Mar sin féin, ní chiallaíonn sin go gcaithfidh an freagra a bheith scríofa sa chéad phearsa.

Roinn A

Déanann na hiarrthóirí A (i) nó A (ii) nó A (iii)

A (i) **Bean a bhfuil cónaí uirthi i sibhialtacht ainmnithe LASMUIGH d'Éirinn.**

Teastaíonn sa cheist an duine a chur i sibhialtacht shonrach, ainmnithe nó tugtha le tuiscint.

Áirítear ar shibhialtacht bhailí an tSean-Róimh, an tSean-Ghréig, an tSean-Éigipt, na hIncigh, na hAstacaigh agus na Ceiltigh.

Má roghnaítear na Ceiltigh, ná bronn marcanna ar ábhar a bhaineann go sonrach le hÉirinn.

Ná bronn marcanna as Sean-Sibhialtacht a ainmniú.

Liosta bianna = 1 RI ar a mhéad.

An Róimh: 2 RI ar a mhéad as Folcadáin, Colasaem agus Circus Maximus.

A (ii) **Ceardaí i mbaile meánaoiseach.**

Bí cúramach agus ná bronn marcanna ar fhreagraí doiléire nó ar fhreagraí a meascann suas ábhar ón mainéar meánaoiseach nó ón gcaisleán meánaoiseach le hábhar an bhaile mheánaoisigh.

Tá gné ar bith de shaol an cheardaí mheánaoisigh, lena n-áirítear oiliúint, bailí.

A (iii) **Lonnaitheoir a fuair talamh i bplandáil ainmnithe Éireannach.**

Ná bronn marcanna as an bplandáil a ainmniú.

Mura bhfuil an phlandáil ainmnithe nó curtha in iúl go soiléir ón gcuntas [i.e., Plandálacha i gcoitinne], bronn 1 MI ar a mhéad.

Coinníoll amháin maidir le talamh a fháil forbartha = 1 RI.
2 choinníoll maidir le talamh a fháil, gan forbairt ar bith = 1 RI.
Iarmhairtí fadtéarmacha na plandála = 1 RI ar a mhéad.
I gcás Uladh agus Mumhan, bronn 1 RI ar a mhéad as na contaetha a plandáladh.
Má tá an freagra go iomlán ó dhearcadh duine a chaill talamh, = CM = 8, OM = 1 ar a mhéad.
Má ainmnítear lonnaitheoir faoi leith, e.g., Walter Raleigh, beidh an t-ábhar ar fad faoina shaol ábhartha.

Roinn B

Déanann na hiarrthóirí B (i) nó B (ii) nó B (iii)

B (i) Oibrí i monarcha nó i mianach le linn na Réabhlóide Tionsclaíche, c. 1850.

Má tá an freagra go iomlán ó dhearcadh **úinéir** na monarchan nó an mhianaigh, CM = 8 ar a mhéad agus OM = 1 ar a mhéad.

Bí ar d'airdeall ar ábhar a léiríonn an saol le linn na Réabhlóide Tionsclaíche ar bhealach doiléir agus/nó steiréitipiciúil. Tabhair marcanna ar ábhar fíorasach a léiríonn saol agus/nó obair an oibrí agus, go háirithe, ábhar a léiríonn an dóigh ar tháinig athrú ar obair agus/nó ar shaol an duine aonair le himeacht ama.

Gach coinníoll monarchan / mianaigh nó riail mhonarchan / mhianaigh a luaitear agus a gcuirtear síos air nó a fhorbraítear = 1 RI.

Mura ndéantar na rialacha nó na coinníollacha ach a lua go díreach, 2 riail/dáil = 1 RI.
Gach gné de shaol an oibrí lasmuigh den mhonarcha/ mianach, e.g. sa bhaile, éadaí, aiste bia, caitheamh aimsire, sláinte etc. = 1 RI ar a mhéad an ceann

B (ii) Saighdiúir Shasana nó Saighdiúir Meiriceánach a ghlac páirt in D-Day.

Caith le sonraí an chogaidh go dtí an 6 Meitheamh 1944 mar 'chúlra' le D-Day, i.e. 1 RI, ach ní mór caitheamh leis na hullmhúcháin le haghaidh dul i dtír sa Normainn mar chuid lárnach den topaic.

Má tá an freagra go hiomlán ó dhearcadh shaighdiúir de chuid na Gearmáine, CM = 8 ar a mhéad agus OM = 1 ar a mhéad.

Iarmhairtí D-Day = 1 RI ar a mhéad

B (iii) Ceannaire polaitiúil ainmnithe i bPoblacht na hÉireann, 1960-1985.

Ní mór gur ainmníodh ceannaire faoi leith nó gur tugadh ceannaire faoi leith le fios (e.g. Lemass/ Lynch/ Cosgrave/ FitzGerald/ Haughey/ Reynolds) ach ní bhronntar marcanna ar bith as ainm an cheannaire.

Caithfidh go raibh an duine a roghnaíodh ina cheannaire rialtais, ina cheannaire ar pháirtí polaitiúil nó ina cheann stáit le linn na tréimhse 1960-1985.

Glac le ceannaire polaitiúil ar bith sa Phoblacht, a raibh a ghairm ar fad nó cuid de laistigh de pharaiméadair na ndátaí.

5. An Reifirméisean (30 marc)

A. Foinsí D agus E

A (i) Slua mór (tháinig siad le cloisteáil le Calvin) 2M

A (ii) An Ghinéiv 2M

A (iii) Tá duine éigin á chéasadh acu/ Tá duine éigin á shíneadh ar raca acu 2M

A (iv) **Réamhchinnúint:** Tá gach uile rud atá le teacht ordaithe ag Dia cheana.

Seanóirí: Múinteoirí/ ministrí sinsearacha a chuir comhairle ar dhaoine contráilte.

Na Tofaigh: Na daoine a roghnaigh (réamhshábháil) Dia lena sábháil.

Preispitéirí: Seanóirí a chuir smacht nó pionós ar dhaoine contráilte.

DHÁ cheann díobh sin thuas 2 + 2 = 4M

B. Foinsí F agus G

B (i) Tá **Sea** agus **Ní hea** bailí
Sea: Ba cheart go mbeadh Calvin ábalta cur suas le cáineadh nó déileáil leis ar bhealach Críostaí / Bhíodh náire poiblí díoltasach agus fuafar

Ní hea: Oifigeach cathrach ba ea Ameaux a cháin Calvin go poiblí agus bhí an pionós poiblí seo tuillte aige/ Ní raibh an pionós seo dian i gcomparáid lena bhfuil taispeánta i bhFoinse E
Píosa **AMHÁIN** fianaise le haghaidh SEA nó Ní hea. 2M

B (ii) Chun béim a chur ar a phionós/ Rabhadh a thabhairt do dhaoine eile gan Calvin a cháineadh/ Rinneadh an phianbhreith a “fhógairt go poiblí” mar gheall gur cháin Ameaux Calvin go poiblí
Cúis **AMHÁIN** ar bith 2M

B (iii) Chur chun cinn mná ar bith chuig post cumhachta ar bith. 2M

B (iv) John Knox. 2M

C. Marcáil an freagra ar phrionsabal an RI:
[Uasmhéid MC = 10M Uasmhéid MI = 2M]

MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag

Cuntas **AMHÁIN** go díreach 10 + 2 = 12M

I gcás (a), gach ‘tionchar’ luaite agus forbartha go soiléir = 1 RI.

Glac le “tionchar” faoi na ceannteidil thíos AMHÁIN

Luaite amháin agus gan aon mhíniú = Uas 1M

- Creidimh úra, eg: Anglacánachas/ Preispitéireachas, tagtha ar an bhfód
- Oideachas, eg: Coláiste na Tríonóide/ Scoileanna ríoga bunaithe
- Díscaoileadh na mainistreacha
- Séipéil, eg: Séipéil úra Phrotastúnacha tógtha/ Ceannas glactha ar shéipéil Chaitliceacha
- Tionchar teoranta lasmuigh den Pháil, eg: saothar na nÍosánach/ Easpa Gaeilge
- Iarmhairtí, eg: Coinbhleacht i dTuaisceart Éireann/ Na Péindlithe

I gcás (b), gach ‘cogadh creidimh’ luaite agus forbartha go soiléir = 1 RI.

Glac le “cogaí creidimh” faoi na ceannteidil thíos AMHÁIN

Luaite amháin agus gan aon mhíniú = Uas 1M

- Cúiseanna leis na Cogaí Creidimh
- Cogadh Tuathánach na Gearmáine
- Cogaí Reiligiúnacha na Fraince, eg: Ár Lá Fhéile Bairtliméid
- An Cogadh Tríocha Bliain
- An Cogadh Spáinneach in aghaidh na Sasanach, eg: Armáid na Spáinne
- Iarmhairtí, eg: Conarthaí a thug aitheantas do na Protastúnaigh/ beagnach sé mhíliúin marbh/ scriosadh na nÚgónach san Fhrainc

I gcás (c), gach ‘eilimint ón bhFrith-Reifirméisean’ luaite agus forbartha go soiléir = 1 RI.

Glac le “eilimint ón bhFrith-Reifirméisean” faoi na ceannteidil thíos AMHÁIN

Luaite amháin agus gan aon mhíniú = Uas 1M

Míniú ar an bhFrith-Reifirméisean, eg: *Iarrachtaí na hEaglaise Caitlicí í féin a leasú* (1M) agus *cosc a chur le scaipeadh an Phrotastúnachais* (1M)

Comhairle Trento, eg: leasuithe déanta/ cliarscoileanna/ clárleabhar na gCaitliceach

Cumann Íosa (na hÍosánaigh), eg: scolaíocht/ sagairt oilte

An Chúistiúnacht, eg: Spáinneach/ Rómhánach

Oird nua eaglasta eile, eg: na hUrsalaigh/ na Caipisínigh

Iarmhairtí, eg: an Eaglais Chaitliceach níos láidre/ Tuilleadh oideachais/

Ealaín agus ailtireacht bharócach/ Teorainn curtha le scaipeadh an

Phrotastúnachais sa Pholainn, Spáinn, Frainc, Éire, etc

- 6A AN ATHBHEOCHAN (30 marc)**
- (i) D'íocaidís ealaíontóirí chun saothair ealaíne a dhéanamh
Cúis bhailí **AMHÁIN** 2M
- (ii) Claontacht in éadan ban/ Easpa oideachais, etc.
DHÁ chúis bhailí ar bith 2 + 2 = 4M
- (iii) **Peirspictíocht:** Líníocht a thagann le cionta réalaíocha/ Imprisean de 3D
Freascó: Péintéireacht déanta ar bhalla (nó ar shíleáil) agus an plástar fós fliuch.
“Péintéireacht bhalla” = 1M; “Modh péintéireachta” = 0M
Sfumato: Ina múnlaíonn/gcumascaíonn na toin agus na dathanna isteach ina chéile de réir a chéile
DHÁ cheann ar bith den mhéid thuas 2 + 2 = 4M
- (iv) Marcáil na ceisteanna ar phrionsabal an RI
[**Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M**]
MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag
- Ná bronn marcanna as ábhar atá lasmuigh de pharaiméadair na hAthbheochana.
I gcás (a) glac le “Eolaíocht nó leigheas” chomh maith
In (a), (b) & (c), má pléadh saothar duine amháin, CM=6, OM=1 ar a mhéad
NB: Ní mór d'fhócas an fhreagra a bheith ar fhorbairtí, ar fhionnachtain agus ar shaothair, agus ní ar bheathaisnéis.
DHÁ chuntas le bheith scríofa (8 + 2) x 2 = 20M
- 6 B ATHRÚ SÓISIALTA SA 20ú hAOIS IN ÉIRINN (30 marc)**
- (i) Foinsí úra siamsaíochta baile amhail Netflix agus sruthú/ Bealaí úra chun ceol a rochtain agus éisteacht leis/ Fás sna meáin shóisialta mar fhoinsé siamsaíochta/ Cibearbhulaíocht/ Rochtain éasca ar ábhar míchuí amhail pornagrafaíocht, etc.
Iarmhairt bailí **AMHÁIN** ar bith 2M
- (ii) Bhí cócaireáin agus tumthéitheoirí leictreacha éifeachtach agus glan i gcomparáid leis an seansorn/ Meaisíní agus triomadóirí leictreacha, arb feistis dua-sheachanta an dá cheann, ag fágáil níos mó am saor ag daoine/ Raidiúnna, gramafóin agus teilifísí leictreacha lenar tugadh níos mó siamsaíochta isteach i saol daoine/ Meaisíní crúite leictreachais, feisteas dua-sheachanta iontach ar an bhfeirm, etc.
DHÁ dhóigh ar bith a bhfuil athrú tagtha ar shaolta 2 + 2 = 4M
- (iii) Tá bungalónna tagtha in áit a lán seantithe feirme/ Uisce reatha i mbeagnach gach teach anois/ Tá leictreachas sínte go tithe sa tuath/ Tá téamh lárnach i bhformhór na dtithe anois/ Tá áiseanna nua-aimseartha éagsúla i gcistineacha/ Tógadh bloic árasán i gceantair uirbeacha/ Tá méadú tagtha ar eastáit tithíochta ar imeall a lán bailte, etc.
DHÁ athrú bhailí ar bith 2 + 2 = 4M

- (iv) Marcáil ar phrionsabal an RI:
[Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M]
MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag

N.B. Bronnfar na marcanna as athruithe bailí atá sonraithe go soiléir agus a tháinig i bhfeidhm ó 1945 i leith amháin

DHÁ chuntas le bheith scríofa (8 + 2) x 2 = 20M

6 C FORBAIRTÍ POLAITIÚLA SA 20ú hAOIS IN ÉIRINN (30 marc)

- (i) Méadú ar an tacaíocht don poblachtachas/ Tháinig daoine le tacú leis an Éirí Amach/ Chuir siad daoine in éadan na Breataine / Méadú ar an tacaíocht do Sinn Féin, etc.
‘Bhí fearg ar dhaoine’ = 1m. ‘Bhí trua ag daoine dóibh’ = 1m.
Iarmhairt bailí **AMHÁIN** 2M

- (ii) **Lucht na Léinte Gorma:** Eagraíocht de chineál faisisteach sna 1930idí/ Leasainm ar Chumann Chomrádaithe an Airm (nó an Garda Náisiúnta / Éire Óg/ Conradh na hÓige)/ An Mílíste a chuir cosaint ar fáil do bhaill Chumann na nGaedheal / Leasainm díspeagúil d’Fhine Gael.
“Bhí Eoin O’Duffy i gceannas orthu” = 1M; “Bhí siad in éadan Fhianna Fáil” = 1M; “Chaith siad éadaí gorma = 0M

Claonroinnt: Mí-ionramháil theorainneacha na ndáilcheantar (chun a bheith i bhfabhar páirtí amháin).

An Scéim Mháthar agus Linbh: Scéim sláinte a bhí beartaithe cúram leighis a thabhairt saor in aisce do naíonáin agus do mháithreacha (ach ar chuir an Eglais Chaitliceach/IMO ina héadan)

DHÁ théarma mínithe 2 + 2 = 4M

- (iii) D’fhéach Éire air mar chogadh de chuid na Breataine, agus ní cogadh Éireannach/ Bhí smaoinemh na neodrachtata tacaithé ag formhór an daonra/ Thaispeáin sé neamhspleáchas na hÉireann/ Bhí Éire ró-lag le dul chun cogaidh / Bhí Tuaisceart Éireann fós ina chuid den Ríocht Aontaithe

DHÁ chúis 2 + 2 = 4M

- (iv) Marcáil ar phrionsabal an RI:
[Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M]
MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag

DHÁ chuntas le bheith scríofa (8 + 2) x 20M

6 D CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SA 20ú hAOIS (30 marc)

- (i) Díomá i measc iarshaighdiúirí i ndiaidh an Chéad Chogadh Domhanda/ An Pealadh Mór/ Dífhostaíocht ollmhór/ Eagla roimh chumannachas/ Bolscaireacht rathúil/ Gheall Faisistí an rud a bhíodh siad ag iarraidh a chloisteáil do dhaoine, etc.
Cúis bhailí **AMHÁIN** ar bith 2M
- (ii) **Máirseáil ar an Róimh:** Éacht bolscaireachta na bhfaisistí/ Mussolini ag teacht i réim.
“Mháirseáil Mussolini ar an Róimh” gan míniú breise ar bith = 0M
Conradh na Lataráine: Comhaontú idir an Iodáil agus an Pápa (1M) a d’aithnigh an Vatacáin mar stát neamhspleách (1M).
OVRA: Na póilíní rúnda/ Eagraíocht le haghaidh fhorairdeall agus chur faoi chois an fhrith-Fhaisisteachais.
DHÁ mhíniú bhailí ar bith. 2 + 2 = 4M
- (iii) Eagla go mbeadh cogadh eile ann/ Eagla roimh chumannachas/ Mhothaigh siad go raibh Conradh Versailles ró-dhian/ Bhí an costas ar atharmáil ró-ard / Easpa ullmhú airm/ Eagla ar thíortha gníomhú leo féin.
Cúis bhailí **AMHÁIN** ar bith. 2M
- (iv) Marcáil ar phrionsabal an RI: [**Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M**]
MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag
Cuntas **AMHÁIN** le bheith scríofa 8 + 2 = 10M
- (v) Marcáil ar phrionsabal an RI:
[**Uasmhéid MC = 10M Uasmhéid MI = 2M**]
MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag
1 x RI AR A MHÉAD LE hAGHAIDH IARMHAIRTÍ

Topaic 1 - Éirí na Sárchumhachtaí

Cuntas ar ghéarchéim ainmnithe de chuid an Chogaidh Fhuair idir SAM agus APSS, 1945-1963

Imshuí Bheirlín: Caith le hábhar suas go dtí roinnt Bheirlín, agus é sin san áireamh, ina 4 chrios mar “chúlra”, i.e., 1 RI ar a mhéad.

NÁ glac le Comhaontú Vársá nó Balla Bheirlín mar iarmhairtí an Imshuí.

Cogadh na Cóiré: Caith le hábhar suas go dtí roinnt na Cóiré in 1945, agus é sin san áireamh, mar “chúlra”, i.e., 1 RI ar a mhéad.

Géarchéim Dhiúracán Chúba: Caith le hábhar suas go dtí ionradh Chuan na Muc 1961, agus é sin san áireamh, mar “chúlra”, i.e., 1 RI ar a mhéad.

Topaic 2 - Gluaiseachtaí i dtreo Aontacht Eorpach

Cuntas ar fhás an Aontais Eorpaigh ó 1957 i leith.

Caith le himeachtaí roimh 1957 mar “chúlra”, i.e., 1 RI ar a mhéad.

Topaic 3 - Náisiúnachas na hAfraice nó na hÁise

Cuntas ar na príomhimeachtaí i ngluaiseacht neamhspleáchais tíre ainmnithe de chuid na hAfraice nó na hÁise ó 1945 i leith. Caith le himeachtaí roimh 1945 mar “chúlra”, i.e., 1 RI ar a mhéad.